Gaelscoil Dara
An Rinn Mhór
Gaillimh
Fón (091) 757145
Ríomhphost gaelscoildara.ias@eircom.net
Suíomh Idirlín www.gaelscoildara.com

# Gearrchuntas Polasaithe



# Clár


| | |
|---|---|
| Ráiteas Misean | Lth 3 |
| Clár Ama | Lth 5 |
| Poncúlacht | Lth 6 |
| Straitéis Tinrimh | Lth 6 |
| Polasaí na Gaeilge | Lth 7 |
| Gníomhaíochtaí breise curaclaim | Lth 7 |
| Caidreamh/ gaol tuismitheoirí leis an scoil | Lth 8 |
| Polasaí Lón folláin | Lth 9 |
| Sláinte & Sábháilteacht | Lth 9 |
| Polasaí scoile ar thabhairt amach leigheas | Lth 10 |
| Polasaí d'úsáid fón póca | Lth 11 |
| Coiste na dTuismitheoirí | Lth 11 |
| Cód Smachta | Lth 12 |

Níl anseo ach gearrchuntas polasaithe. Is féidir na polasaithe iomlána afheiceáil am ar bith in oifig na scoile.

# Ráiteas Misean

1. Is scoil lánghaelach Caitliceach í Gaelscoil Dara faoi phátrúntachtEaspag na Gaillimhe. Bunaíodh an scoil i 1984.

2. Is í aidhm na scoile seo, mar ghaelscoil, oideachas de ardchaighdeán achur ar fáil tré mheán na gaeilge dár scoláirí i suíomh a thabharfaidhdeiseanna dóibh blaiseadh de chultúr, de cheol agus de oidhreacht natíre seo.

3. *Comhionannas & Cothromaíocht*

Is eagraíocht chomhionannais an scoil agus cuirfear an fhealsúnacht sini bhfeidhm i gcónaí i measc na múinteoirí agus na ndaltaí.Cothófar meas ar gach duine sa scoil dá réir.Tá béim sa scoil ar chúrsaí drámaíochta agus aisteoireachta. Aithníonn muidgo ndéanann sé seo an-leas do na páistí maidir le féinmhuinín, féinmheasagus cuireann sé go mór le forbairt teangan. Glacann an scoil páirt i go leorimeachtaí breise pobail – Féile na hInse Baboró, Féile Scoildrámaíochta,Write-a-book project agus tionscnaimh ealaíne i gcomhar le Scoil Rosedale,Seachtain na Leabhar sa leabharlann, An Bratach Glas, máinséar beo ag anArdeaglais, Quiz Boird Chomhar Chreidmheasa, laethanta spóirt lescoileanna Gaeltachta agus Gaelscoileanna eile.

Rinneadh an-iarracht dea-atmeasféar dearfach pearsanta a chothú ón tús sascoil agus tá sé sin fós an-tábhachtach dúinn théis go bhfuil an scoilméadaithe go mór ó shin. Bíonn fáilte isteach roimh thuismitheoirí chuneolas a roinnt agus cúnamh a thabhairt.

Go ndéanfaí forbairt iomlán ar ilthréithe an ghasúir ag tógáil san áireamh gobhfuil cumas agus riachtanaisí éagsúla ag chuile ghasúr. Go gcuirfí oideachasar ardchaighdeán ar fáil ionas go mbeidh na gasúir go in ann páirt iomlánéifeachtach a ghlacadh sa sochaí.Déanfar iarracht cur le féinmheas agus féinmhuinín an pháiste ina leith seo.

Is Gaelscoil í seo agus 'sí an Ghaeilge teanga chumarsáide agus teagaisc na scoile. Ní gá go mbeadh Gaeilge líofa ar a dtoil ag na tuismitheoirí ach tá sétábhachtach go mbeadh dearcadh dearfach i leith na Gaeilge sa teaghlach. Is í aidhm na scoile ná go n-úsáidfí an Ghaeilge mar theanga bheo sa scoil.

# CLÁR AMA

| | |
|---|---|
| Lá scoile na Naíonáin | 8.50 r.n. - 1.30 i.n. |
| Lá scoile do na Ranganna 1 go dtí 6 | 8.50 r.n. - 2.30 i.n. |
| Bíonn sos ag chuile rang ó | 10.50 r.n. - 11.05 r.n. |
| Bíonn sos mór ag chuile rang idir | 12.35 - 1.00 i.n. |

Maidir le laethanta saoire, cuirtear féilire bliantiúil chuig na tuismitheoirí agtús na scoilbhliana.

Cuirfear dúnadh eisceachtúla do laethanta inseirbhíse &rl in iúl do phobal nascoile chomh luath agus is féidir.

# Poncúlacht

Iarrtar ar thuismitheoirí a chinntiú go bhfreastalódh an gasúr ar an scoil gachlá agus go mbeadh sé/sí in am. Más gá don ghasúr an scoil a fhágáil ag amar bith,(am lóin nó aon am eile), caithfear cead ón tuismitheoir/caomhnóir abheith faighte ag an múinteoir ranga. Tá foirm faoi leith dó seo ar fáil sanoifig.

Sa gcás go dtagann gasúr ar scoil deireanach iarraimid ar thuismitheoirí iada thionlacan chuig oifig na scoile (in áit dul díreach chuig an rang) ionas nachgcuirfear isteach ar obair ranga. Sa gcás go mbíonn gasúr as láthair Iarrtar ar thuismitheoirí nóta mínithe athabhairt chuig an scoil. (Tá samplaí sa Dialann Obair Bhaile).

**Ní ghlacann an Bord Bainistíochta aon fhreagracht as gasúir go dtí gon-osclófar doirse na scoile ag 8.50 r.n. ná tar éis 2.30 i.n. am dúnta nascoile.**

# Straitéis Tinrimh

- Má chailleann an gasúr os cionn 20 lá scoile in aon scoil-bhliain amháin,déanfaidh an príomhoide teagmháil leis an Oifig Leasa Oideachais ansinleis na mionsonraí – laethanta caillte, dáta breithe &rl.
- Tugtar aitheantas do ghasúir a bhfuil tinreamh maith acu. Bronntarteastas orthu ag deireadh na scoilbhliana

# Polasaí na Gaeilge

Mar chuid de thumoideachas do pháiste :

- Is í an Ghaeilge teanga chaidrimh na scoile go hiomlán. Níteanga theagaisc amháin í. Níl sí teoranta don seomra rangaamháin.
- Béifear ag súil freisin go labhróidh na tuismitheoirí cibé ar bithGaeilge atá acu leis na páistí taobh amuigh agus go mór mhórtaobh istigh de gheataí na scoile. Beannófar do na múinteoiríagus do na páistí trí Ghaeilge i gcónaí. Labhrófar Gaeile ag aonocáid scoile, ag snámh, ag cluiche, ar an gclós nó ar thurais scoile.
- Úsáidtear stráitéisí éagsúla chun na páistí a spreagadh le Gaeilgea labhairt m.sh. stampaí do lathairt na Gaeilge, cártaí buidhe &cártaí dearga, Corn na Gaeilge 7rl.
  Déantar iad seo a athbhreithniú mar is gá.

# Gníomhaíochtaí Breise Curaclaim

Le linn am scoile bíonn deis ag páistí páirt a ghlacadh sa drámaíocht,i gcór na scoile, i scileanna cumarsáide, teangeolaíocht agus spóirt. Cuirtear ranganna iar-scoile ar fáil i bhFraincís, Feadóg Stáin, Cniotáil, Yóga, Veidhlín,Damhsa Gaelach, Eolaíocht agus Amhránaíocht ó bhliain go bliain. Tagann an grúpa Ógras le chéile chuile Dé Céadaoin taréis na scoile.

Déantar freastal ar pheil ghaelach, iománaíocht, camógaíocht, sacar, eitpheil, eitleog, leadóg boird, snámh & cispheil le linn am scoile.

# Caidreamh/ Gaol tuismitheoirí leis anscoil

Mar gurb é an tuismitheoir céad agus príomh oideachasóir an linbh agus gobhfuil an múinteoir “in loco parentis” is i gcuideachta a chéile athabharfaidh tuismitheoirí agus múinteoirí faoi oiliúint an pháiste. (Déancinnte go mbíonn uimhreacha agus seolta baile reathacha ag an scoil I gcónaí).

1. Tuismitheoirí/Múinteoirí i mí na Samhna le ‘chuile rang, le dulchun cinn na bpáistí a phlé.
2. Cuirtear fáilte roimh aon tuismitheoir coinne a dhéanamh le h-aonmhúinteoir le fadhbanna nó dul chun cinn na bpáistí a phlé ag am arbith den bhliain.
3. Buailtear le tuismitheoirí Naíonáin ag am dul abhaile gach lá agusspreagtar iad le Gaeilge a labhairt thart timpeall na scoile ach gohǽirithe.

**NB**.Coinnigh an múinteoir ar an eolas faoi chúrsaí a chuirfeadh isteachar do pháiste.

# Scéala Dara

Is é “Scéala Dara”, nuachtlitir na scoile, ar ríomhphost, an phríomh-áis chumarsáide idir anscoil agus tuismitheoirí. Coinnigh súil rialta ar do ríomphost nó ar shuíomhidirlíon na scoile chun tú féin a choinneáil ar an eolas faoi imeachtaí scoile.

# Polasaí Lón Folláin

Réamhrá & Aidhmeanna:

Aithníonn Gaelscoil Dara go bhfuil lón folláin thar a bheith tábhachtach donpháiste. Moltar torthaí agus glasraí a bheith mar chuid den lón ag na páistí.Ní cheadaítear seacláid, bars, criospaí, Popcorn, guma, brioscaí, “cerealbars” aon mhilseán ná deochanna fizzy. Cuirtear an-bhéim ar fad ar bhia atáfolláin agus cothaitheach.

Eisceachtaí: Déanfar eisceacht ó am go ham ar ócáidí speisialta m.sh. Cóisirna Nollag nó mar ‘treat’ ag múinteoirí don rang.

# Sláinte & Sábháilteacht

**Tinneas**

Má bhaineann aon ghortú do chloigeann aon pháiste, dá laghad é, déantarteangmháil leis an tuismitheoir láithreach. Munar féidir teacht orthu cuirtearnóta abhaile ag rá gur tharla a leithéid.

Má bhíonn páiste tinn nó má ghortaítear páiste i dtimpiste ar scoil cuirtearglaoch teileafóin ar na tuismitheoirí nó ar an gcaomhnóir. Munar féidirteacht orthu glaoitear ar an dochtúir má bhíonn práinn leis.

**Glaineacht**

Cothaítear suim na bpáistí ina dtimpeallacht scoile agus i nglaineacht nascoile. Gríostar iad chun a seomraí ranga agus timpeallacht na scoile achoinneáil glan agus saor ó bhruscar.

# Polasaí scoile ar thabhairt amach leigheas

- Ní thabharfar amach aon chóir leighis nach bhfuil molta ná níchoinneofar a leithéid sa scoil.

- Ní thabharfar amach aon chóir leighis atá molta gan cead scríofa óthuismitheoirí/chaomhnóirí agus Údarás an Bhoird Bhainistíochta.

- Níor cheart don chóir leighis a bheith i seilbh an dalta. Ba choir é achoinneáil faoi ghlas i gcófra.

- Ba cheart cóir leighis áirithe m.sh. ionanálaitheoir (inhaler) a bhíonn agpáiste a bhfuil plúchadh orthu, a bheith ar fáil go furasta i gcaitheamhan lae scoile.

- Níl sé d'iachall ar aon mhúinteoir cóir leighis nó drugaí a thabhairt dodhalta.

# Polasaí d'úsáid fón póca

Tá cosc iomlán ar fóin phóca. Má bhíonn gá le glaoch práinneach adhéanamh déanfar é seo, gan costas, ó oifig na scoile.

# Coiste na dTuismitheoirí

Moltar do na tuismitheoirí a bheith gníomhach i saol na scoile agus páirt aghlacadh i gCoiste na dTuismitheoirí chun cabhrú le dul chun cinn agusforbairt na scoile m.sh Feachtas Bailiúchán airgid, eagrú ócáidí speisialta abhaineann leis an scoil, ranganna iarscoile &rl.

# Gaelscoil Dara

# Cód Smachta

Nuair a bhí an cód seo á chur i dtoll a chéile tugadh cuireadh dothuismitheoirí na scoile moltaí a chur ar fáil.

Bhí gach ball den fhoireann teagaisc páirteach i leagan amach an chóid.

Cuirfear cóip den chód seo ar fáil do gach tuismitheoir.

Déanfar athbhreithniú ar an gcód seo go tráth rialta.

Réamhrá:

Nuair a bhí an cód seo á leagan amach rinneadh machnamh ar;

1. Aidhmeanna ginearálta an bhunoideachais mar atá luaite i gCuraclamna Bunscoile.
   (a) "A chur ar chumas an pháiste saol iomlán mar is dual do pháiste achaitheamh agus a (h)acmhainn mar dhuine faoi leith a thabhairtchun críche"
   (b) A chur ar chumas an pháiste forbairt mar neach sóisialta trímhaireachtáil agus chomhoibriú le daoine eile agus sa tslí sin cuidiúle tairbhe na sochaí.
   (c) An páiste a ullmhú le haghaidh breisoideachais agus foghlama arfeadh a shaoil.

Agus

2. Aidhmeanna ar leith na scoile áirithe seo.
   (a) A chruthú do thuismitheoirí go m'bhfiú dóibh a muinín a chur sascoil seo nuair a chinneadar a bpáistí a chur ag freastal ar an scoil.
   (b) Oideachas chomh cuimsitheach céanna a chur ar fáil trí mhéan naGaeilge agus atá le fáil i scoil ar bith.
   (c) Eolas a thabhairt don pháiste ar a (h)oidreacht agus ar a c(h)ultúrluachmhar mar shaoránach do chuid na tíre seo.
   (d) Árd-líofacht agus litearacht a bhaint amach sa dara teanga, anGhaeilge, ionas go mbeidh an-mheas ag an dalta uirthi, go mbeidhgean aige/aici di, go dtuigfidh sé/sí go mbaineann sí lena linn féinagus go labhróidh sé/sí ar gach deis í.

(e) Go mbeadh comhchumas ag an dalta i mBéarla agus i nGaeilge arfhágáil na bunscoile dó/di sa chaoi go gcabhródh an dátheangachasseo leis/léi agus é/í ag tabhairt faoi fhoghlaim an tríú teanga samheánscoil.
(f) Go rachadh an t-iarscoláire amach sa saol le dearcadh dearfach,freagrach i leith na timpeallachta, agus an phobail.

Agus an Cód Smachta á chur i dtoll a chéile agus á chur i bhfeidhmmeamhraítear dhá phointe an-bhunúsacha maidir leis an mbunoideachas.

1. Gur duine daonna ilchasta an uile pháiste faoin a riachtanais agus aachmhainní féin go fisiciúil, ina c(h)uid mothúchán, go hintleachtúil agusgo spioradálta.
2. Mar gur duine ar leith é gach páiste, ní mor é a mheas as a luach féin,agus an cinéal agus an éagsúlacht deiseanna a chur ar fáil dó/di athabharfaidh spreagadh agus sásamh dó/di sa chaoi go ndéanfaidh sé/sílánfhobhairt ar a c(h)umais nádúrtha de réir a ráta luais féin.

- Glactar leis go coitianta má tá cothrom na féinne le fáil ag an daltabunscoile go bhfuil gach ceart aige/aici an t-oideachas a fháil I dtimpeallacht atá chomh saor agus is féidir ó iompar a chuireann as donfhoghlaim.

- Déanfaidh an múinteoir gach dícheall caitheamh go cneasta leis nadaltaí agus searbhas nó géarcháineadh a sheachaint. Glacannmúinteoirí na scoile seo leis go bhfuil an-tábhacht go deo ag baint lehaithne mhaith a chur ar thuismitheoirí na ndaltaí, agus dea-ghaol achothú leo ar bhonn leanúnach.

- Go mbeadh na múinteoirí chomh heolach agus is féidir ar chúlra nabpáistí. Go mbeadh muid ar an eolas faoi chásanna ina mbeadhfadhbanna agus deacrachtaí ag teaghlaigh a mbeadh tionchar díreachnó indíreach acu ar iompar na bpáistí ar scoil. Ní gá a rá ar ndóigh gogcoinnítear an t-eolas seo go han-rúnda. I gcásanna eisceachtúlacuirfear comhairle ar thuistí meastachán gairmiúil a fháil déanta ar anbpáiste.

- Go gcuirfí na tuismitheoirí ar an eolas go rialta faoi aidhmeanna,polasaithe, rialacha, imeachtaí agus ‘nuacht’ scoile trí mheán “ScéalaDara”, treoracha do thuismitheoirí, na daltaí iad féin nó tré chruinnitheleis na tuismitheoirí. Míneofar dóibh conas is féidir leosan tacú lemúinteoirí eg. obair bhaile, fearais riachtanacha, lón srl. agus tabharfareolas dóibh faoi na haidhmeanna agus cur chuige.

- Go n-aireodh na tuismitheoirí go bhfuil fáilte rompu buaileadh leis namúinteoirí ach coinne a dhéanamh.

- Go mbéimís uilig idir mhúinteoirí, dhaltaí agus thuismitheoirí mar‘phobal’ amháin atá ag obair as láimh a chéile ar son na n-aidhmeannacéanna. Freisin go mbeadh gach éinne ag comhoibriú le chéile chundea-cháil na scoile a chaomhnú. Cabhraíonn imeachtaí sóisialta,bailiúcháin airgid srl. chun sprid a mhúscailt.

- D’fhonn cinntiú go laghdófar líon na gcásanna d’iompar míshásuil anoiread agus is féidir déanfaidh múinteoirí gach iarracht a gcuid teagaisca eagrú sa chaoi go ndéanfar freastal cuí ar chumas agus ar riachtanaisgach dalta aonair an oiread agus is féidir. Dá réir sin beidh an fhoghlaimchomh spéisiúil, spreagúil agus éagsuil agus a bheidh indéanta.

- Minéofar rialacha na scoile go rialta do na páistí agus na fáthanna atáleo. Leagfar béim ar chosaint cearta gach aon dalta maraon le cearta anmhúinteora mar dhuine daonna sa seomra ranga.

- Lorgófar moltaí ó dhaltaí féin nuair a mheastar go bhfuil sé seofeiliúnach. Beidh gach múinteoir eolach go hiomlán ar pholasaithesmachta na scoile agus é/í freagrach i gcónaí as iompar na ndaltaí iscuma cén rang lena mbaineann siad. Beidh tionól ann go rialta chuigeseo.

- Coinneoidh gach múinteoir cuntas scríofa ar iompar gach dalta faoin ac(h)úram, mar shampla, dáta, saghas iompair, céard a rinneadh leis anscéal a chur ina cheart, cen sórt toradh a bhí leis ‘srl. Coinneofar tuistíar an eolas. Go hiondúil reiteoidh an t-oide aonair a c(h)uid fadhbannasmachta féin ach anois is arís tig leis /leí tacaíocht agus comhairle a lorgó mhúinteoir eile nó ón bpríomhoide i gcásanna áirithe.

Céard atá uainn ó thaobh smachta de?

1. An chaoi a mbeannaíonn siad do mhúinteoirí “A mhúinteoirTreasa/Brian srl. - Dia dhuit/go raibh maith agat/gabh mo leithscéal” -(oide ag caint le hoide).

2. An chaoi a n-éisteann siad le múinteoir - seasamh go haireach, gan aonchraitheadh den chloigeann, guaillí, súile i dtreo na spéire ‘srl.

3. An chaoi a suíonn na gasúir sa rang (gan bheith ag luascadh ar angcathaoir.)

4. Aird na ngasúr a fháil d’fhógraí ag am dul abhaile.

5. An seomra ranga agus an pasáiste a choinneáil slachtmhar néata I gcónaí, - leabhair, ciseáin, críáin, cótaí ‘srl.

6. Ómós a léiriú do dhignit daoine eile agus a gcuid maoine.

**RIALACHA NA SCOILE**

1. Bí béasach agus ómósach i gcónaí.

2. Bí ag éisteacht i gcónaí.

3. Siúil sa scoil i gcónaí.

4. Fan socair, ciúin agus béasach sa líne agus ag am lóin ar lá fliuch.

5. Cuir suas do lámh má tá tú ag iarraidh labhairt (ach amháin nuairatá caint ceadaithe i ngrúpa srl.).

6. Riail na Gaeilge - ‘sí an Ghaeilge teanga labhartha na scoile cé’smóite den rang Béarla.

7. Léirigh meas ar throscán agus ar fhearais na scoile i gcónaí.

8. Ná bris rialacha an chlóis nó an leithris.

**RIALACHA AN CHLÓIS**

1. Téigh chuig an leithreas sula dtéann tú amach.

2. Teastaíonn nóta nó cead ón múinteoir le fanacht istigh.

3. Siúil isteach agus amach go ciúin béasach i gcónaí.

4. Níl cead liathróid a thabhairt amach sa chlós ag an sos beag.

5. Léirigh ómos do pháistí eile agus do threalamh na scoile i rith amspraoi.
6. Ná déan aon rud nach bhfuil sábháilte.
7. Fan taobh istigh de theorainneacha an chlóis.
8. Má tá ceist, nó fadhb ag éinne nó má tharlaíonn timpiste labhairleis an múinteoir atá ar an gclós i dtosach.
9. Stoptar an spraoi ar an bpointe a mbuailtear an chéad chloigín.
10. Caithfidh gach páiste a bheith socair ciúin agus béasach sa line chomh luath agus a bhuailtear an dara cloigín.

**RIALACHA AN LEITHRIS**

1. Téigh ann idir ceachtanna nó ag am sosa ní nuair atá a múinteoirag múineadh.
2. Beidh tábhacht ag baint le glaineacht i gcónaí. Níochan lámha'srl.
3. Caithfear cead a fháil ó mhúinteoir sular féidir leat dul isteach sa scoil chuig an leithreas.

**NA STRÁITÉIS SMACHTA**

1. Foláireamh.

2. Iarrfar ar an bpáiste seasamh suas agus tabharfar foláireamh eiledó/di chomh maith le nóta a dhéanamh sa bhileog/cóipleabhariompair.

3. Cuirfear píonós i bhfeidhm, sé sin:-

   (a) An páiste scartha óna rang-ghrúpa, seasta nó suite.
   (b) Línte le scríobh.
   (c) Obair bhaile breise.
   (d) Cosc ó spraoi/chlós/ corpoideachas/ cluiche/ turas.

4. Seolfar an páiste chuig an bpríomhoide. Beidh air/uirthi cuntasgearr a scríobh ar an iompar míshásúil agus é a fháil sínithe ag natuistí sa bhaile.

5. Páiste a mhoilliú tar éis scoile.

6. Seolfar litir abhaile sa phost le cruinniú a shocrú leis natuismitheoirí in éineacht le príomhoide agus le múinteoir ranga.

7. Páiste á chur ar fionraí, údaraithe ag an mBord Bainistíochta.